Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015

RFB

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

An Garda Síochána
An Garda Síochána a chlárú mar Phostvótálaithe

Faoi alt 14(a) d'Acht Toghcháin 1992, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh clárú mar phostvótálaí. Más mian leat clárú mar phostvótálaí, comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais chuig d'údarás clárúcháin í roimh an 25 Samhain. [Foirm RFA is ceart a chomhlánú más mar ghnáthvótalaí is mian leat clárú]

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

1.	Ainm: **(bloclitreacha)**							
2.	Céim:							
3.	Dáta Breithe:							
4.	Tabhair an seoladh iomlán poist ag a bhfuil gnáthchónaí ort an 1 Meán Fómhair i mbliana **(bloclitreacha)**							
	Eircode:	☐	☐	☐	☐	☐	☐	☐
5.	An bhfuil aon duine den ainm céanna, a bheidh 18 mbliana d'aois nó níos sine an 15 Feabhra, ina gcónaí ag an seoladh céanna an 1 Meán Fómhair i mbliana? Cuir tic (√) sa bhosca cuí:	Tá ☐ Níl ☐						
6.	Cuir (√) **i mbosca amháin** , le do thoil, chun a thaispeáint cén grúpa lena mbaineann tú:							
	● Saoránach d'Éirinn	☐	● saoránach Briotanach	☐				
	● náisiúnach de Bhallstát AE eile (seachas an Ríocht Aontaithe)	☐	● náisiúnach de thír neamh-AE	☐				
7.	**An Clár faoi Eagarthóireacht:** Más mian leat **nach ndéanfar** do chuid mionsonraí a chur san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, cuir (√) sa bhosca do rogha an diúltaithe:	Bosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm ☐						

Síniú an Iarratasóra:	
Dáta:	
Uimhir theileafóin i rith an lae/Uimhir Fóin Póca:	
Ríomhphost	

NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFB

Comhaltaí den Gharda Síochána a chlárú mar Phostvótálaithe

1. Is é is cuspóir don fhoirm seo ná an bealach a réiteach do chomhaltaí an Gharda Síochána ar mian leo clárú mar phostvótálaithe. Tá an fhoirm seo le húsáid sa tréimhse ó 1 Meán Fómhair go 25 Samhain gach bliain i leith chlár na dtoghthóirí a thiocfaidh i bhfeidhm an 15 Feabhra ina dhiaidh sin. Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith faighte ag an údarás clárúcháin (an Chomhairle Cathrach, an Chomhairle Contae, agus an Chomhairle Cathrach agus Contae) a bhaineann leis an gceantar ina bhfuil cónaí ort faoin 25 Samhain in aon bhliain áirithe.

2. **Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

3. **An Clár faoi Eagarthóireacht – Dhá Leagan den Chlár**

Tá sé de cheangal ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den Chlár a fhoilsiú – an Clár iomlán agus an Clár faoi eagarthóireacht. Sa Chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

Sa **chlár faoi eagarthóireacht**, faightear ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid mionsonraí a úsáid ar mhaithe le nithe seachas cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile e.g. ar mhaithe lena n-úsáid i gcomhair margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht de chineál eile. Más rud é nach mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, is ceart duit (√) a chur isteach sa **bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm**. Más mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh (i.e. ar fáil le haghaidh úsáidí neamhreachtúla), ní ceart duit (√) a chur isteach sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.

4. **Mionsonraí teagmhála**

Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá ann san iarratas a shoiléiriú.

5. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin nó ón gcláraitheoir contae chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.